2022.M56T

2022L033G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Gnó

## Roinn 1 agus Freagarleabhar

## Gnáthleibhéal

Déardaoin 16 Meitheamh     Maidin 9:30 - 12:00

300 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa Fhreagarleabhar seo.
Déanfar an Freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin, is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin i gcomhair sceitsí, graf agus léaráidí.

Tá dhá roinn sa scrúdú seo. Tugtar ceisteanna **Roinn 2** i gceistpháipéar ar leithligh ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa Fhreagarleabhar seo.

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:**

**(A)** **Cúig** cheist as **Roinn 1**

**agus**

**(B)** **Trí** cheist as **Roinn 2** mar seo a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1**
Ceist **amháin** as **Cuid 2**
agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

**Tá gach ceist ar cómharc sa roinn seo.**

**Déanamh agus múnla an áireamháin a úsáideadh:**

| |
|---|
| |

## Roinn 1 — Ceisteanna Gearrfhreagra — 75 marc

**Freagair 5 cheist. Tá 15 mharc ag gabháil le gach ceist.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? Scríobh gach freagra sa spás cuí.

| | |
|---|---|
| **CPT (PLC)** | |
| **POF (CEO)** | |
| **TFC (ICT)** | |

**2.** Sainaithin an **chatagóir thionsclaíochta** is fearr a oireann do gach ceann de na híomhánna a thaispeántar thíos.

| | | |
|---|---|---|
|  |  |  |
| **(i)** | **(ii)** | **(iii)** |


**3.** Sainaithin cé acu **Teoiric X nó Teoiric Y McGregor** a fhreagraíonn do na ráitis seo a leanas:

| Ráiteas | Teoiric X nó Teoiric Y |
|---|---|
| **1.** Tá na fostaithe go léir féinspreagtha agus baineann siad taitneamh as a gcuid oibre. | |
| **2.** Is é an t-airgead amháin a spreagann fostaithe. | |
| **3.** Ní mór dlúthmhaoirseacht a dhéanamh ar fhostaithe. | |
| **4.** Is féidir le fostaithe oibriú as a stuaim féin. | |

**4.** Léirigh le tic (✓) sa bhosca ceart, an **toisc tháirgeachta** lena mbaineann gach ráiteas.

| Ráiteas | Talamh | Saothar | Caipiteal | Fiontraíocht |
|---|---|---|---|---|
| Úsáideann Cadbury saintrealamh agus saininnealra chun a gcuid táirgí a tháirgeadh. | | | | |
| Úsáideann Cadbury pónairí cócó chun a mbarraí seacláide a tháirgeadh. | | | | |
| Fostaíonn Cadbury na mílte duine in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. | | | | |
| Ba é an fiontraí John Cadbury a bhunaigh Cadbury. | | | | |

**5.** Críochnaigh na ranna feidhmiúla atá ag cuideachta déantúsaíochta ina bhfuil ceithre roinn.



**6.** Ainmnigh **dhá** institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh (AE).



1. 

2. 

**7.** Cuir ciorcal thart ar an **rogha cheart i ngach** ceann de na ráitis seo a leanas.

**(i)** Bíonn fiontar atá faoi úinéireacht an stáit faoi úinéireacht agus faoi smacht **fiontraithe príobháideacha / an rialtais.**

**(ii)** Bíonn comhpháirtíocht faoi úinéireacht comhpháirtí **amháin / beirt** chomhpháirtithe ar a laghad.

**(iii)** I gcomharchumann, bíonn cearta vótála na mball **cothrom / ag brath ar úinéireacht scaireanna.**

**(iv)** Bíonn scairshealbhóirí i gCuideachta Phríobháideach Theoranta faoi dhliteanas **teoranta / neamhtheoranta.**

**8.** Roghnaigh na téarmaí cuí chun an abairt thíos a chríochnú. (Tá dhá théarma ann nach mbeidh in úsáid.)

**Oirbheartaíoch** **Teagmhasach** **Straitéiseach** **Oibríochta**

Plean do ghnólacht a bhainfear amach thar thréimhse 1-2 bliana is ea Plean ___________,

ach baintear feidhm as plean________________________________________ i gcás

éigeandála/cúinsí gan choinne.

**9.** Mínigh an difríocht idir **Táthcheangal** agus **Cumasc**.

| Is é is Táthcheangal ann ná: |
|---|
| |
| |
| |
| Is é is Cumasc ann ná: |
| |
| |
| |

**10.** Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil ó chuntais deiridh Gharbhán Teo. ar an 31/12/2021.

Ríomh an **Cóimheas Fíorthástála.**

(Taispeáin an fhoirmle agus do chuid oibre)

| | |
|---|---|
| Sócmhainní Reatha: | €160,000 |
| Stoc ar Deireadh: | € 40,000 |
| Dliteanais Reatha: | €100,000 |

| | |
|---|---|
| **Foirmle** | |
| **Do chuid oibre** | |
| **Freagra** | **_____: 1** |

**11.** Meaitseáil an míniúchán leis an mBac cuí ar Thrádáil ón liosta thíos.
Tá bac amháin ann nach bhfuil mínithe.

**Trádbhac** **Cuóta** **Fóirdheontas** **Taraif**

| Míniúchán | Bac ar thrádáil |
|---|---|
| Cáin iompórtála a ghearrtar ar earraí a thagann isteach as tíortha áirithe. | |
| Cosc iomlán ar earraí ar leith a iompórtáil isteach i dtír. | |
| Airgead a chuireann an Rialtas ar fáil chun cabhrú le cuideachtaí a gcostais oibriúcháin a chlúdach chun praghsanna a choinneáil iomaíoch. | |

**12.** Scríobh an focal **FÍOR** nó **BRÉAGACH** i ndiaidh gach ráitis díobh seo a leanas.

| Ráiteas | Fíor nó Bréagach |
|---|---|
| Laghdú ar bhunphréimh árachais is ea ualú. | |
| Dá mhéad é an riosca, is ea is airde a bheidh do phréimh árachais. | |
| Ríomhann achtúire préimh árachais. | |
| Ciallaíonn slánaíocht nach féidir leat brabús a dhéanamh ar árachas. | |

**13.** Sainaithin na **trí** ghné eile den chumasc margaíochta.

| | |
|---|---|
| **1.**_______________ | **2.** _________________ |
| **An Cumasc Margaíochta** | |
| **3. Cur chun cinn** | **4.**_________________ |

**14.** Sainaithin an modh táirgthe a úsáidtear chun na táirgí seo a leanas a dhéanamh:

| Táirge | Modh Táirgthe |
|---|---|
|  | |
|  | |
|  | |

**15.** Sa tábla seo a leanas, is liosta de théarmaí gnó atá i gColún 1 agus is liosta de mhíniúcháin atá i gColún 2.

| **Colún 1: Téarmaí Gnó** | **Colún 2: Míniúcháin** |
|---|---|
| **1.** Boilsciú | **A** Praghas airgeadra amháin á léiriú i dtéarmaí airgeadra eile. |
| **2.** Rátaí úis | **B** An méadú ar luach na n-earraí agus na seirbhísí a tháirgtear i mbliain amháin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. |
| **3.** Rátaí malairte | **C** An phríomhfhoinse ioncaim atá ag an rialtas. |
| **4.** Ráta dífhostaíochta | **D** An méadú ar leibhéal ginearálta praghsanna thar thréimhse ama. |
| **5.** Cáin | **E** An céatadán den lucht oibre nach bhfuil fostaithe. |
| | **F** An costas atá ar airgead a fháil ar iasacht. |


Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir a bhaineann leis an téarma gnó cuí thíos. Tá míniúchán amháin ann nach féidir a mheaitseáil le haon téarma díobh.

| **Téarma Gnó** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Míniúchán** | | | | | |

# Freagarleabhar do Roinn 2

## Treoracha

Tá na Ceisteanna do **Roinn 2** ar fáil i gceistpháipéar ar leith.
Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ag barr gach leathanaigh.
Úsáid an colún ar chlé chun gach cuid a lipéadú, faoi mar a thaispeántar thíos.




Tá dhá leathanach de ghrafpháipéar sa Fhreagarleabhair seo. Ar leathanaigh an ghrafpháipéir, is i mbun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste.

Ní gá duit na leathanaigh go léir a úsáid sa fhreagarleabhar seo. Má bhíonn easpa spáis ort sa fhreagarleabhar seo, tá cead agat breis páipéir nó grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Níl cead agat peann luaidhe a úsáid ach amháin do sceitsí, do ghraif agus do léaráidí.

Ceist

Ceist

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist | | Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

| | |
|---|---|
| | |

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

| | |
|---|---|
| | |

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gnó Roinn 1 agus Freagarleabhar

Déardaoin 16 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:00

2022.M56T 2022L033G2IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Gnó

## Roinn 2
## Gnáthleibhéal

Déardaoin 16 Meitheamh Maidin 9:30 – 12:00

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a fhreagairt:**

**Trí** cheist as **Roinn 2** mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**

Ceist **amháin** as **Cuid 2**

**agus** ceist **AMHÁIN** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**

**Tá na ceisteanna go léir i Roinn 2 ar cómharc**.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

| Roinn 2 | 225 marc |
|---|---|

Scríobh do chuid freagraí sa Fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

Freagair trí cheist as ROINN 2 mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1,**
Ceist **amháin** as **Cuid 2,**
Agus ceist amháin eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
**Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.**

## Cuid 1

**Ceist 1** — **Daoine sa Ghnó**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Sladmhargadh**

***Ní dhéanfar aon aisíocaíocht ar earraí sladmhargaidh ná ní dhéanfar iad a mhalartú***

Cheannaigh Séimí geansaí spóirt le linn sladmhargaidh ar phraghas a bhí laghdaithe ó €80 go dtí €50. I ndiaidh dó é a thabhairt abhaile thug sé faoi deara go raibh stróic ar mhuinchille an gheansaí. Thug Séimí ar ais chuig an siopa é ach dhiúltaigh an bainisteoir aon chineál cúitimh a thairiscint do Shéimí, de bhrí gur ceannaíodh le linn sladmhargaidh é agus toisc go raibh comhartha sa siopa a chuir in iúl go soiléir nach ndéanfaí aon aisíocaíocht ar earraí sladmhargaidh ná nach ndéanfaí iad a mhalartú.

**(A)** Ainmnigh an dlí tomhaltais a thugann cosaint do Shéimí sa chás sin. (10)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhoráil sa dlí a d'ainmnigh tú thuas a bhaineann le cás Shéimí. (15)

**(C)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhainfeadh Séimí as a chás a thabhairt os comhair Nós Imeachta na nÉileamh Beag/ Cúirt na nÉileamh Beag. (15)




Tá Cáit ag obair i roinn na cuntasaíochta i gcuideachta mhór le sé bliana. Chuir sí isteach ar phost mar bhainisteoir cúnta le gairid. Bhí díomá uirthi gur tugadh an post do chomhghleacaí fir nach bhfuil fostaithe sa chuideachta ach le dhá bhliain agus nach bhfuil chomh cáilithe le Cáit. Mothaíonn Cáit go ndearnadh leithcheal uirthi ar bhonn a hinscne. Tá sí ag smaoineamh ar theagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fhoras (seachas inscne) ar a bhfuil an leithcheal toirmiscthe faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015. (15)

**(E)** **(i)** Mínigh **trí** chúis, seachas an leithcheal, le haighneas tionsclaíoch san áit oibre.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar chineál **amháin** gníomhaíochta tionsclaíche atá ar fáil d'fhostaithe atá i mbun aighneas tionsclaíoch le fostóir. (20)

| **Ceist 2** | **An Timpeallacht Intíre** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.



**CEADAÍONN AN CHOMH-AIREACHT ATHRÚ AR RÁTA NA CÁNACH CORPARÁIDE IN ÉIRINN**

**(A)** **(i)** Mínigh an téarma **Cáin Chorparáide.**

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin** a bhféadfadh méadú ar Cháin Chorparáide dul i bhfeidhm ar ghnólachtaí in Éirinn. (15)

**(B)** Cabhraíonn an Rialtas leis an ngnó in Éirinn ar a lán bealaí. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí, seachas cáin, a dtéann an Rialtas i bhfeidhm ar ghnólachtaí in Éirinn. (15)

5 phrionsabal atá ag spreagadh phlean Aldi maidir leis an bhfreagracht chorparáideach:

custaiméirí, soláthraithe, comhshaol, fostaithe agus pobal.

Curtha in oiriúint ó aldi.ie


**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach ar féidir le Aldi caitheamh go heiticiúil lena chuid fostaithe. (15)

**(D)** Déan cur síos ar **dhá** bhealach ar féidir le hollmhargadh a bheith freagrach ó thaobh an chomhshaoil de**.** (15)

**(E)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhainfeadh pobal áitiúil as gnó nua amhail Aldi a bheith á bhunú sa cheantar. (15)

| **Ceist 3** | **An Timpeallacht Idirnáisiúnta** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.




www.cso.ie

**(A)** Is féidir le hiompórtálacha a bheith sofheicthe agus dofheicthe.

Mínigh an téarma iompórtáil **shofheicthe** agus tabhair sampla **amháin** d'iompórtáil shofheicthe d'Éirinn. (10)

**(B)** Tabhair **dhá** chúis a ndéantar earraí agus seirbhísí a iompórtáil isteach in Éirinn. (15)

**(C)** **(i)** Agus úsáid á baint agat as na figiúirí thíos, ríomh Comhardú na Trádála do mhí Aibreáin 2021. **Taispeáin do chuid oibre**.

| **Cuntais Idirnáisiúnta Aibreán 2021** | | |
|---|---|---|
| **Easpórtálacha Sofheicthe** | | **Iompórtálacha Sofheicthe** |
| €12,706m | | €8,053m |

An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

**(ii)** Luaigh cé acu barrachas nó easnamh atá ann. (15)

**(D)** Déan cur síos ar **dhá** dhúshlán atá ann do ghnólachtaí Éireannacha atá páirteach sa trádáil idirnáisiúnta. (15)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann Éire as fanacht mar chuid den Aontas Eorpach. (20)

| **Ceist 4** | **Daoine sa Ghnó** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

glenisk
naturally from Ireland

Bhí tine sa mhonarcha déanta iógairt atá ag Glenisk i dTulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí, agus chuaigh sé i bhfeidhm go han-mhór ar pháirtithe leasmhara an ghnólachta. Scrios an tine an t-ionad táirgthe ina iomláine.




**(A)** **(i)** Mínigh an téarma **Páirtí Leasmhar**.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar an tslí a ndeachaigh an tine i monarcha Glenisk i bhfeidhm ar **dhá** cheann de na páirtithe leasmhara. (20)

**(B)** Tabhair breac-chuntas, agus sampla á úsáid agat, ar an ról atá ag grúpaí sainleasa. (15)

Ar deireadh, fuair Sinéad agus Pádraig Ó Maoileoin an teach a bhí á lorg acu tar éis dhá bhliain a chaitheamh ag cuardach. Chuir siad isteach tairiscint €320,000 ar an teach agus ghlac an díoltóir leis sin. Tá Sinéad agus Pádraig araon 31 bliain d'aois agus is mian leo an teach a cheannach.

**(C)** Mínigh, agus tagairt agat don téacs thuas, **trí** cinn de na gnéithe seo a leanas a bhaineann le conradh bailí:

**(i)** Tairiscint agus Glacadh (Comhaontú)

**(ii)** Cumas Conraithe

**(iii)** Comaoin

**(iv)** Toiliú le Conrú. (15)

**(D)** Déan cur síos ar **dhá** mhodh chun conradh a fhoirceannadh (deireadh a chur leis). (15)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar fheidhm **amháin** atá ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC i mBéarla). (10)

# Cuid 2

**Ceist 5** **Fiontraíocht / Bainistíocht**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Bhunaigh Peadar Ó Timlín agus Risteard Ó Gréacháin Fíoréadach i mí na Bealtaine 2020, agus tá sé lonnaithe i Maigh Eo. Scaipeadh eolas ar an gcuideachta go mear ar TikTok nuair a postáladh físeáin inar léiríodh turas na beirte agus a gcuid iarrachtaí chun an chuideachta, agus a samhail inbhuanaithe, a bhunú.



Is branda é Fíoréadach atá go hiomlán inbhuanaithe agus ina n-úsáidtear cadás orgánach agus ábhar athchúrsáilte ina chuid éadaí veigeán-bhácha. Déantar na héadaí a bhróidniú in aonad gaoth-thiomáinte i gContae Mhaigh Eo.

Curtha in oiriúint ó con-telegraph.ie

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thréith/scil fiontraíochta a léiríonn fiontraithe amhail Peadar agus Risteard. (15)

**(B)** Mínigh **dhá** riosca agus **dhá** luach saothair do Pheadar agus do Risteard agus a ngnó nua á bhunú acu**.** (20)

**(C)** Pléigh **dhá** chúis a bhfuil rialú cáilíochta tábhachtach do ghnó éadaí. (15)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann gnólacht as na meáin shóisialta a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh lena gcuid custaiméirí. (15)

**(E)** Déan liosta de **dhá** bhuntáiste a bhainfeadh Peadar agus Risteard as anailís LLDB (SWOT i mBéarla) a ullmhú dá ngnó. (10)

| **Ceist 6** | **Bainistíocht** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

## Grúmaeirí Madraí Riain

Reáchtálann Rian Ó Murchú gnó grúmaeireachta madraí atá rathúil. Le dhá bhliain anuas, tá sé tugtha faoi deara aige go bhfuil breis éilimh ag teacht ar a chuid seirbhísí de réir mar a thagann fás ar úinéireacht peataí in Éirinn. Chun leanúint ar aghaidh ag freastal ar an éileamh, tá sé beartaithe ag Rian a ghnó a leathnú. Mar chuid den leathnú sin, tá sé beartaithe aige veain a cheannach ionas gur féidir leis seirbhís shoghluaiste grúmaeireachta madraí a sheoladh.



**(A)** Tá trí cinn d'fhoinsí airgeadais meántéarmacha mar rogha ag Rian chun a veain a cheannach:

**Iasacht Mheántéarmach** **Fruilcheannach** **Léasú**

**(i)** Mínigh **dhá** cheann de na foinsí airgeadais sin.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** a bhaineann le gach foinse a roghnaíonn tú. (20)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chineál árachais a mbeifeá ag súil leis go mbeidís ag Grúmaeirí Madraí Riain. (15)

**(C)** Mínigh, agus tagairt agat do Rian, an prionsabal a bhaineann le **Meon Lánmhaith** maidir le hÁrachas. (10)

**(D)** Is iad seo a leanas na figiúirí glanbhrabúis do ghnólacht Riain don tréimhse 2017-2021:

| **Bliain** | **2017** | **2018** | **2019** | **2020** | **2021** |
|---|---|---|---|---|---|
| Glanbhrabús | €35,000 | €45,000 | €40,000 | €55,000 | €60,000 |

Léirigh an t-eolas thuas i mbarrachairt.
Úsáid an grafpháipéar atá ar fáil ar laethanach 10 sa fhreagarleabhar. (15)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a n-úsáidfeadh gnólacht Riain TFC. (15)

| **Ceist 7** | **Bainistíocht** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

## Árachas Ísealchostais Teo.

Thosaigh Liadh Ní Chorcráin i bpost nua le déanaí mar ghníomhaire díolta árachais le hÁrachas Ísealchostais Teo. i gcathair Luimnigh. Is cuideachta é Árachas Ísealchostais Teo. atá ag fás agus díolann sé éagsúlacht polasaithe árachais le daoine aonair, le teaghlaigh agus le gnólachtaí.

Chun Liadh a ullmhú dá ról, cuireadh oiliúint ionduchtúcháin agus oiliúint ar an láthair oibre uirthi. Íoctar bunphá €400 sa tseachtain léi móide coimisiún 5% ar na díolacháin go léir a dhéanann sí. Oibríonn na fostaithe go léir ar fhoirne díolacháin. Tá Bainisteoir Foirne Éileamh nua á lorg ag an ngnólacht faoi láthair agus tá Bainisteoir na nAcmhainní Daonna ag smaoineamh ar earcaíocht inmheánach a dhéanamh.

**(A)** Mínigh na téarmaí **oiliúint ionduchtúcháin** agus **oiliúint ar an láthair oibre**. (10)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann an gnólacht as na fostaithe a bheith ag obair mar chuid d’fhoireann. (15)

**(C)** **(i)** I seachtain 24, d’éirigh le Liadh luach €20,000 de dhíolacháin a dhéanamh.

Ag baint úsáide as an eolas thuas ríomh Pá Comhlán Liadh do Sheachtain 24.
**Taispeáin do chuid oibre.**

**(ii)** Déan liosta de **dhá** asbhaint reachtúla nach mór a bhaint as pá Liadh**.** (20)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann an gnólacht as earcaíocht inmheánach. (15)

**(E)** Mínigh **dhá** chúis ar ról tábhachtach de chuid Bainisteoir na nAcmhainní Daonna é dea-chaidreamh a choinneáil idir an Fostóir agus na Fostaithe. (15)

| Ceist 8 | Gnó i nGníomh |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Bhunaigh Miriam Lloyd a gnó 'Baisteadh ó Ghlúin go Glúin' in 2016 agus í ag feidhmiú mar thrádálaí aonair. Cuireann an gnó gúnaí pósta in oiriúint mar ghúnaí baiste uathúla lámhdhéanta. Bhí an-suim go deo ag Miriam san fhuáil riamh agus is maintín (gúnadóir) í a bhfuil seantaithí aici.

Oifig Fiontair Áitiúil
Local Enterprise Office

Fuair sí tacaíocht óna hOifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) i gCeatharlach.

Curtha in oiriúint ó localenterprise.ie

**(A)** **(i)** Mínigh an téarma **trádálaí aonair**.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le bheith ag feidhmiú mar thrádálaí aonair. (20)

**(B)** Mínigh **trí** fhoinse ónar féidir le gnólacht smaointe a fháil do tháirgí nua. (15)

**(C)** **(i)** Déan liosta de **dhá** cheannteideal i bplean gnó.

**(ii)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le plean gnó a ullmhú. (20)

**(D)** Mínigh an téarma **USP** agus tagairt agat do ghnólacht Mhiriam. (10)

**(E)** Déan liosta de **dhá** sheirbhís a d'fhéadfadh an OFÁ a chur ar fáil do Mhiriam chun cabhrú léi agus a gnó á bhunú aici. (10)

**Ceist 9** **Gnó i nGníomh**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Tá éagsúlacht táirgí ag Kelloggs ag céimeanna éagsúla de shaolré an táirge**

Curtha in oiriúint ó Kellogs.ie

**(A)** Dréachtaigh léaráid de **Shaolré an Táirge** ina dtaispeántar gach ceann de na cúig chéim agus cuir lipéid orthu. (15)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann gnólacht as taighde margaidh a dhéanamh sula seoltar táirge nua. (15)

**(C)** Mínigh an téarma **spriocmhargadh** agus sampla á úsáid agat**.** (10)

Baineann Kellogg's feidhm as modhanna éagsúla, an caidreamh poiblí san áireamh, chun a mbranda a chur chun cinn ina spriocmhargadh.

**(D)** **(i)** Mínigh an téarma **Caidreamh Poiblí** (PR i mBéarla).

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh Caidrimh Phoiblí seachas urraíocht a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid. (20)

**(E)** Déan liosta de **dhá** mheán fógraíochta a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid **agus** tabhair breac-chuntas ar chúis le do rogha i ngach cás. (15)

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

An Ardteistiméireacht – Gnáthleibhéal

# Gnó – Roinn 2

Déardaoin 16 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:00